



**Aighneacht**

**Daonáireamh 2021 - Comhairliúchán maidir leis na  
Táirgí Aschuir**

**Márta 2020**

Ba mhaith le Conradh na Gaeilge fáilte a chur roimh an iarratas aighneacht a chur isteach faoin gcomhairliúchán maidir le Táirgí Aschuir do dhaonáireamh 2021. Chur Conradh na Gaeilge aighneacht isteach i Mí na Samhna 2017 ag tabhairt ár moltaí i dtaobh ceisteanna maidir leis an nGaeilge sa daonáireamh 2021.

Is maith a fheiceáil go bhfuil sé beartaithe agaibh ceist sa bhreis a chur i dtaobh na Gaeilge sa daonáireamh nua, sin é ‘Má ‘Tá’, cé chomh maith is a labhraíonn tú í?’ Tabharfaidh sé breis eolais do phleanálaithe teanga agus gníomhaire teanga maidir le cruinneas caighdeán labhartha na Gaeilge na freagróirí.

Cuireadh ceist sa suirbhé píolótach maidir le *‘Is Irish the main spoken language of your household’*. Bhí sé curtha sa leathanach maidir leis an teaghlach. Feiceann Conradh na Gaeilge nach raibh ciall ann an cheist sin a chur. An fáth le seo ná go bhféadfadh dhá nó níos mó theangacha a bheith á labhairt i dteaghlach agus de bharr seo bheadh sé deacair a mheas céard é príomhtheanga labhartha an teaghlach, m.sh. bheadh tuismitheoir amháin a bheadh Gaeilge acu agus ag labhairt Gaeilge lena bpáistí agus bheadh an tuismitheoir eile gan Gaeilge agus ag labhairt Béarla lena páistí. Ach tá moladh ag Conradh na Gaeilge chun fadhb an cheist seo a réiteach. Tá ceist ann cheana féin don duine aonair ‘An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?’. Ní gá ach é a athrú go ‘Cén teanga a labhraíonn tú sa bhaile?’ Is féidir tic bhoscaí a leagadh síos do ‘Gaeilge’ agus ‘Béarla’ agus bosca níos faide gur féidir a scríobh isteach faoi ‘Eile’ do aon teanga eile.

I dtaobh an cheist faoi *‘Did you grow up in a household where Irish was the main spoken language’*, ceapann Conradh na Gaeilge ba chóir an cheist seo a athrú de bharr an mearbhall a bheadh ag freagróirí, mar atá feicthe sa cheist *‘Is Irish the main spoken language of your household’*. An moladh atá againn ná arís an cheist a dhíriú ar an duine aonair ‘Ar tógadh tú le Gaeilge?’ *‘Were you raised through the Irish language?’* chun an mearbhall a sheachaint. Ach más gá is féidir an cheist mar atá úsáidte sa cheist sa suirbhé píolótach a úsáid, mar níor léirigh na freagróirí mearbhall leis an cheist seo. Níl Conradh na Gaeilge ag teacht leis an bhfáth nach bhfuil an cheist seo á chur seo san áireamh i nDaonáireamh 2021, sin é *‘The number of persons aged 18 or over indicating that they grew up in Irish-speaking households (1.1%) was less than the number of persons who did not respond to this question (2.5%). If these numbers were replicated in a full Census it would not be possible to produce meaningful small area or cross tabular statistics on persons who grew up in Irishspeaking households without breaching statistical disclosure control. From the perspective of response burden, it would also be inappropriate to include a question which, on the evidence of the Pilot, would be answered in the same way by nearly 99% of the adult population responding to the question.’* Ba chóir go mbeidh sé san áireamh i ndaonáireamh 2021. Sea, tá na figiúirí íseal i dtaobh clann á dtógáil le Gaeilge, ach tá na figiúirí íseal don Lucht Siúil, 0.7% de réir an daonáireamh deireanach agus níl aon bhuairt faoi *‘it would not be possible to produce meaningful small area or cross tabular statistics on persons without breaching statistical disclosure control.’* sa cheist sin. Agus maidir le *‘it would also be inappropriate to include a question which, on the evidence of the Pilot, would be answered in the same way by nearly 99% of the adult population responding to the question.’*, níl sé sin cothrom, céard é an céatadán a bheadh oiriúnach, tá seo ansmachtúil.

Beidh an cheist seo thar a bheith tábhachtach do phleanálaithe teanga. Is gá go mbeidh an t-eolas seo ar fáil briste síos ar bhonn ceantair pleanálaithe teanga, ionas gur féidir pleanáil éifeachtach a dhéanamh. Beidh corr ceantar pleanála teanga a bheadh na figiúirí thar a bheith íseal, ach léiríonn sé seo go bhfuil gá níos mó clann a bheith tógtha le Gaeilge sna ceantair sin. Dar ndóigh ba chóir go mbeidh na figiúirí ann do na Bailte Seirbhísí Gaeltachta chomh maith. Is gá freisin go mbeidh figiúirí ann do na Líonraí Gaeilge, beidh breis Líonraí Gaeilge ann ó dhaonáireamh go daonáireamh, is gá cuimhneamh ar seo agus sibh ag déanamh anailís ar na torthaí. Tá gá go mbeidh figiúirí ann de réir chontae freisin mar deireann sé sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 go mbeidh pleananna teanga chontae á ullmhú amach anseo.

Feiceann Conradh na Gaeilge nár tógadh ár moladh go mbeidh na ceisteanna coitinn idir an dá dhlínse sa suirbhé píolótach ná mar chuid den dréacht daonáireamh do 2021. Tá gá go mbeidh an t-eolas céanna á bhailiú thuaidh agus theas chun gur féidir anailís uile-Éireann a dhéanamh. An moladh a bheadh againn ná go mbeidh an cheist ón Tuaisceart curtha sa bhreis, sin é *'Can you understand, read or write Irish?'*. Ní gá an cheist a chur maidir le scileanna labhartha de bharr go bhfuil an cheist curtha cheana féin. B'fhiú don Phríomhoifig Staidrimh iarraidh ar an Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde go gcuirfidh siad isteach an cheist maidir le minicíocht. Ach tá géarghá go mbeidh an cheist chéanna sa dhá dhlínse, seachas ag cur ceisteanna difriúla.

Molann muid go láidir go mbeidh aon cheistneoir amháin dátheangach ann. Bheadh sin ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr. Cuireann leagan dátheangach le seasamh na teanga, agus bheadh sé soiléir do gach aon duine sa tír go bhfuil an ceart agus an fhéidearthacht acu an ceistneoir a líonadh i nGaeilge. Bíonn seo mar shampla de thairiscint ghníomhach, ní bhíonn stró á chur ar Ghaeilgeoirí leagan Gaeilge a iarraidh dá bharr, ie céim sa bhreis dóibh agus mothaíonn siad go bhfuil siad ag cur trioblóid ar na háiritheoirí. Freisin de bharr go mbíonn daoine éagsúla uaireanta ag líonadh isteach an fhoirm ar a shon féin, tríd an fhoirm a bheith dátheangach tá deis ag gach duine an fhoirm a léamh ina teanga féin, rud nach bhfuil ann le foirm aonteangach.

Ár moltaí mar sin:

- 1) Athraigh an cheist 'An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?' go "Cén teanga a labhraíonn tú sa bhaile?"
- 2) Coinnigh an cheist "Did you grow up in a household where Irish was the main spoken language", más mian libh é a athrú go 'Ar tógadh tú le Gaeilge?' 'Were you raised through the Irish language?'
- 3) Bí ag comhordú leis an Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde chun na ceisteanna céanna a chur faoin nGaeilge tríd an cheist seo a chur sa bhreis *'Can you understand, read or write Irish?'*
- 4) Go mbeidh an ceistneoir dátheangach sa dá theanga oifigiúla

Táimid ar fáil le plé faoi seo ar do chaoithiúlacht.

